## Lá Eolaíochta




***Éabha Prion De Grás**, **Daithí Ó Conchúir**, **Karen Skillington** agus **Karen Ní Riain** ag cur síos ar chúrsaí uisce le linn Lá Eolaíochta Ghaelscoil Riabhach ar na mallaibh.*

D'eagraigh Gaelscoil Riabhach Lá Eolaíochta speisialta ar na mallaibh ina raibh múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí agus pobal na Gaelscoile uile rannpháirteach.

Bhí taispeántais iontacha eagraithe ag gach uile rang sa scoil ó na Naíonáin Bheaga go Rang 6.

Chuir na daltaí an méid a bhí foghlamtha acu i dtaobh cúrsaí eolaíochta i láthair do chuairteoirí agus iad ag feidhmniú mar mhúinteoirí bheaga iad féin ag cur pobal na Gaelscoile ar an eolas.

Ní amháin sin ach bhí deis ag na daltaí dul ar chamchuairt thart ar na ranganna eile sa scoil agus iad uilig ag foghlaim óna chéile fa chúrsaí eolaíochta idir chúrsaí Fisice, Ceimice agus Bitheolaíochta. Cinnte bhí go leor foghlamtha ag na tuismitheoirí is ag na múinteoirí féin.
Le cúpla bliana anois, tá teastais bronnta ar Ghaelscoil Riabhach as an mhéid oibre atá déanta acu i gcúrsaí eolaíochta sa scoil agus is cosúil go mbeidh siad ag tógáil ar an dea-obair sna blianta amach rompu agus saineolaithe óga ag fás is ag forbairt.

## Science day

Gaelscoil Riabhach organized a special Science day recently in which teachers students, parents and the entire Gaelscoil community were involved. Every class in the school had organized great displays from Junior infants to sixth class.

The students presented what they had learned themselves to visitors to the school as they took the role of little teachers themselves so as to keep the school community informed.
The students also had the opportunity of going around other classes in the schoolso as to learn science points from each other in Physics, Chemistry and Biology matters. Of course, the parents and teachers also learned a lot.

For a number of years now, Gaelscoil Riabhach has been awarded for it's promotion of science and it seems that they intend to build on this fine work in the years ahead as young experts grow and develope.

# Spraoi na Scoile.



*Cuid de na cailíní ag rásaíocht le linn Lá Spraoi ag Gaelscoil Riabhach le deireannas.*

Mar chlabhsúr ar imeachtaí na bliana, tháinig tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí agus cairde Ghaelscoil Riabhach le chéile le Lá Spóirt agus Spraoi a bheith acu.

Bhí rásaí de gach sórt i rith an lá spóirt agus bonn bronnta ar gach uile dalta a ghlac páirt. Mar aon leis na gnáthrásaí, bhí rásaí trí chosa, i malaí agus le prátaí ar spúnóga. Bhí seans ag na tuismitheoirí is na múinteoirí a bheith i gcomórtas lena chéile fosta... cuid acu an-comórtasach cinnte!



*Ceann de na rásaí speisialta 'le prátaí' le linn Lá Spraoi a bhí ag Gaelscoil Riabhach ar na mallaibh.*

Nuair a bhí na rásaí thart, bhí deis ag cách sult a bhaint as an Fête a bhí eagraithe ag tuismitheoirí agus coiste na ndaltaí. Bhí rogha de gach ciste milis agus rogha breá di ar fáil leis.

Bhí réimse cluichí éagsúla eagraithe, aghaidheanna péinteáilte, réimse earraí ar dhíol ag seastáin agus brabús beag déanta ag ar mhaithe l'imeachtaí breise a eagrú sa scoilbhliain seo chugainn.

Is cosúil gur bhain gach duine i láthair an-taitneamh as an lá. Faraor, bhí cuid de na daltaí rud beag brónach ag smaointiú go mbeidh an scoil anois dúnta thar an samhradh!

In celebration of the year's achievements, parents, teachers, students and friends of Gaelscoil Riabhach came together for a special day of fun and sport.

There was races of all sorts and every student taking part was awarded a special medal. In addition to the usual races, there was three-legged races, sack-races as well as spud and spoon races. Also, the parents and teachers had a chance to compete against each other and some of them were very competitive indeed!

When the races were finished, everyone then took the opportunity to enjoy the Fête organized by both the parents' and students' councils. There was a fine selection of food and refreshments available.

There was games for everyone, face painting and a number of stalls selling a wide range of products. A little profit was made which will go towards organizing a few events in the coming school-year.

It seemed that everyone enjoyed the day. Alas, some of the students looked a little sad at the prospect that the school would be closing for the rest of the summer.



*Bhí na daltaí breá sásta i málaí le linn Lá Spraoi a d’eagraigh Gaelscoil Riabhach mar chuid de chlabhsúr na bliana.*